An Tuiseal Ginideach Uatha

Athruithe ag Deireadh na bhFocal

Achoimre Dheich bPointe

1. Tá athruithe a tharlaíonn ag deireadh na bhfocal nuair atá an T.G. Uatha i gceist.

2. Leanann na rialacha a bhaineann leis an Tuiseal Ginideach Uatha an díochlaonadh ina bhfuil an t-ainmfhocal.

3. Ainmfhocail sa chéad díochlaonadh:
   a. Go léir firinscneach
   b. Críochnaíonn ar chonsan leathan

| Athruithe ag an Deireadh | Samplaí |
|---|---|
| caolaítear | Dath an bháid |
| | Blas an úill |
| | I rith an tsamhraidh |

4. Ainmfhocail sa dara díochlaonadh:
   a. De ghnáth baininscneach
   b. Críochnaíonn ar chonsan

| Athruithe ag an Deireadh | Samplaí |
|---|---|
| caolaítear + e | Ag glanadh na fuinneoige |
| | Tús na hoibre |
| | i rith na seachtaine |

5. Ainmfhocail sa tríú díochlaonadh:
   a. Firinscneach agus Baininscneach
   b. Críochnaíonn le –eoir, -éir, -.úir, -óir
   c. Críochnaíonn le –(a)íocht, (e)acht
   d. Críochnaíonn le –úint, -áil

| Athruithe ag an Deireadh | Samplaí |
|---|---|
| leathnaítear + a | Hata an fheirmeora |
| | Tíortha na hEoropa |
| | Cóta an tsaighdiúra |



LIVEWORKSHEETS

6. Ainmfhocail sa cheathrú díochlaonadh:
    a. An chuid is mó firinscneach
    b. Críochnaíonn ar ghuta nó le -ín

| Athruithe ag an Deireadh | Samplaí |
|---|---|
| gan athrú | Ag ithe an bhia |
| | I rith na hoíche |
| | Cóta an tseanduine |

7. Ainmfhocail sa chúigiú díochlaonadh:
    a. An chuid is mó baininscneach
    b. Críochnaíonn ar ghuta
    c. Críochnaíonn le –ch, -n, -d nó -r
    d. Críochnaíonn le -in, -il, -ir

| Athruithe ag an Deireadh | Samplaí |
|---|---|
| Focail a chríochnaíonn ar ghuta – cuirtear 'n' ag an deireadh | Lucht monarchan |
| Focail a chríochnaíonn ar chonsan – leathnaítear | Ainm an athar |
| Focail a chríochnaíonn le –air – titeann an –ai agus cuirtear –ach ina ionad | I lár na cathrach |



LIVEWORKSHEETS